

Tionscadail Leasa Choitinn

Lámhleabhar de Nósanna Imeachta maidir le Deonú Ceadúnais

Airteagal 9 de Rialachán 347/2014 maidir le Treoirínte le haghaidh Bonneagar Tras-Eorpach Fuinnimh.

Séanadh

De réir Airteagal 9.1 den Rialachán, níl an Lámhleabhar seo ceaptha le bheith ina cheangal dlí. Déantar tagairt sa Lámhleabhar, agus luaitear ann, forálacha ábhartha dlí agus tá i gceist cuidiú le tionscnóirí tionscadail, eolas mar gheall ar rannpháirtíocht an phobail a chur ar fáil agus cur le trédhearcacht na bpróiseas. Meabhraítear do thionscnóirí tionscadail gur orthu atá an fhreagracht a chinntiú go bhfaightear gach ceadúnas is gá agus go gcomhlíonann a gcuid tionscadal an dlí.

Clár

1. Réamhrá
 - 1.1 Rialachán (AE) Uimh. 347/2013
 - 1.2 Aidhmeanna an Rialacháin
 - 1.3 Údarás Inniúil agus Éire
 - 1.4 An Bord Pleanála

2. Cúlra leis an bPróiseas um Dheonú Ceadúnais
 - 2.1 An Scéim Chomhoibritheach
 - 2.2 Ról an Bhoird Phleanála mar Údarás Inniúil
 - 2.3 Ról na nÚdarás Ceadaitheora
 - 2.4 Oibleagáidí agus Ceanglais

3. Lámhleabhar na Nósanna Imeachta

4. An Próiseas um Dheonú Ceadúnais: Airteagal 10
 - 4.1 Céim an Fhógra
 - 4.2 An Nós Imeachta Réamhiarratais
 - 4.3 An Nós Imeachta Reachtúil um Dheonú Ceadúnais
 - 4.4 Tionscadail Leasa Choitinn (PCI) agus Comhéadan an Bhonneagair Straitéisigh
 - 4.5 Eisiúint an Chinnidh Chuimsithigh

5. Rannpháirtíocht an Phobail: An Rialachán
 - 5.1 Airteagal 9 de Rialachán 347/2013
 - 5.2 An Nós Imeachta Réamhiarratais agus Rannpháirtíocht an Phobail
 - 5.3 Rannpháirtíocht an Phobail sula gCuirtear an Comhad Iarratais isteach
 - 5.4 Coincheap Rannpháirtíocht an Phobail
 - 5.5 Suíomh Gréasáin an Tionscadail agus Rannpháirtíocht an Phobail
 - 5.6 An Nós Imeachta Reachtúil um Dheonú Ceadúnais agus Rannpháirtíocht an Phobail
 - 5.6.1 Rannpháirtíocht an Phobail agus an Bord Pleanála

5.6.2 Rannpháirtíocht an Phobail agus an Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil (GCC)

5.6.3 Rannpháirtíocht an Phobail agus Iarratais Imeachtra

6. Reachtaíocht Ábhartha maidir le Deonú Ceadúnais

6.1 Pleanáil Spásúil

6.2 Ceadúnais do Bhonneagar Gáis

6.3 Toilithe do Phíblínte Gáis

6.4 Píblínte Gáis (Le sruth)

6.5 Píblínte Gáis (In aghaidh an tsrutha)

6.6 Giniúint agus Tarchur Leictreachais

6.7 Idirnascaire Leictreachais agus Stáisiúin Ghiniúna

7. Príomh-gheallsealbhóirí

8. Sonraí na nDoiciméad le haghaidh Iarratas

9. Leasuithe ar Cheadúnais

10. Sonraí Teagmhála

10.1 Údarás Inniúil: An Bord Pleanála

10.2 Údaráis Eile

1. Réamhrá

1.1 Rialachán (AE) Uimh. 347/2013

Ullmhaíodh an lámhleabhar seo de bhun Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle an 17 Aibreán 2013 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh (an Rialachán) agus déanfar é a athbhreithniú agus a thabhairt chun dáta i bhfianaise taithí. Féachtar leis an Rialachán seo le nuachóiriú agus leathnú a dhéanamh ar bhonneagar fuinnimh na hEorpa agus le líonraí a nascadh trasna teorainneacha chun sainchuspóirí bheartas fuinnimh an Aontais – iomaíocht, inbhuanaitheacht agus slándáil an tsoláthair – a chomhlíonadh. Gheofar nasc chuig an Rialachán [anseo](#).

1.2 Aidhmeanna an Rialacháin

Aithnítear sa Rialachán, maidir leis an tréimhse suas go 2020 agus ina diaidh, líon teoranta bealach tosaíochta agus limistéar Eorpach a chuimsíonn líonraí leictreachais agus gáis chomh maith le bonneagar chun ola agus carbóin dhé-ocsaíd a iompar, ar gá beart Aontais Eorpaigh ina leith. Lena chois sin, bunaítear leis an Rialachán Tionscadail Leasa Choitinn (PCI) le haghaidh na limistéar sin. Is é aidhm an Rialacháin na tosaíochtaí agus PCI gaolmhara a chur chun feidhme (i measc nithe eile) trí:

- na Ballstáit a spreagadh chun nósanna imeachta um dheonú ceadúnais a athchóiriú chun éifeachta chun iad a ghiorrú go mór i gcás PCI agus chun rannpháirtíocht an phobail agus glacacht an phobail le tionscadail dá sórt a mhéadú.

Foráiltear sa Rialachán le haghaidh liosta Aontais de Thionscadail Leasa Choitinn. Gheofar nasc chuig liosta an Aontais [anseo](#).

Áirítear ar chéad liosta an Aontais na tionscadail seo a leanas atá ábhartha maidir le hÉirinn.

Tuairisc ar an Tionscadal	Tagairt i Liosta an Aontais
Críochfort Athghásaithe Ghás Nádúrtha Leachtaithe, Contae Chiarraí.	5.3
Idirnascaire Leictreachais Thuaidh-Theas (cuid de "Braisle").	2.13
Scéim Stórála Fuinnimh Hidrileictirigh ag Glinsce, Co. Mhaigh Eo. (cuid de "Braisle").	1.11
Feirmeacha gaoithe agus ceangal greille Thionscadal Greenwire. (cuid de "Braisle").	1.9
Tionscadal Fuinnimh Ghaoithe Dhroichead Fuinnimh. (cuid de "Braisle").	1.9
Idirnascaire leictreachais idir La Martyre (an Fhrainc) agus an tOileán Mór nó Cnoc Rátha.	1.6
Sreabha déthreoacha gáis ó Thuaisceart Éireann go dtí an Bhreatain Mhór agus Éire agus ó Éirinn go dtí an Ríocht Aontaithe, leis (cuid de "Bhraisle").	5.1

1.3 Údarás Inniúil agus Éire

Is é aidhm an Rialacháin an próiseas um dheonú ceadúnais a éascú do PCI trí iarraidh ar Bhallstáit Údarás Inniúil a cheapadh a bheidh freagrach as an gcinneadh cuimsitheach a dhéanamh agus a chinntiú go ndéantar é laistigh de na spriocanna ama a shonraítear sa Rialachán. Ainmníodh an Bord Pleanála mar an tÚdarás Inniúil i Stát na hÉireann an 4 Nollaig 2013.

1.4 An Bord Pleanála

Bunaíodh an Bord Pleanála i 1977 faoin Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1976 agus tá sé freagrach as achomhairc a chinneadh agus as gnóthaí eile faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2013, agus as iarratais ar fhorbairt bonneagair straitéisigh, lena n-áirítear mórthograí bóthair agus iarnróid, a chinneadh. Tá sé freagrach, leis, as déileáil le tograí ó údaráis áitiúla agus údaráis eile maidir le talamh a cheannach go héigeantach faoi achtacháin éagsúla. Tá feidhmeanna eile ag an mBord Pleanála chun achomhairc faoi na hAchtanna um Thruailliú Uisce agus Aeir agus na hAchtanna um Rialú Foirgníochta a chinneadh.

2.0 Cúlra leis an bPróiseas um Dheonú Ceadúnais

2.1 An Scéim Chomhoibritheach

Chun an próiseas um dheonú ceadúnais a chur chun feidhme roghnaigh Stát na hÉireann an scéim "Comhoibritheach" mar an mheicníocht trína n-eiseofar an cinneadh cuimsitheach. Foráiltear leis seo go ndéanfaidh an tÚdarás Inniúil an cinneadh cuimsitheach a chomhordú. Déanfaidh an tÚdarás Inniúil, i gcomhairle leis na húdaráis i dtrácht, i gcás gurb infheidhme de réir an dlí náisiúnta, agus gan dochar do teorannuithe ama atá leagtha síos de réir Airteagal 10, teorainn réasúnta ama a bhunú, ar bhonn cáis, a n-eiseofar na cinntí aonair laistigh de. Déanfaidh sé monatóireacht ar cibé an bhfuil na húdaráis i dtrácht ag comhlíonadh na dteorannuithe ama. Más dócha nach n-eiseoidh údarás i dtrácht cinneadh aonair laistigh den teorainn ama, cuirfidh an t-údarás sin an tÚdarás Inniúil ar an eolas gan mhoill agus tabharfar cúis leis an moill. Dá éis sin, athshocróidh an tÚdarás Inniúil an teorainn ama a gcaithfear an cinneadh aonair a eisiúint laistigh de, ach comhlíonfar i gcónaí na teorannuithe ama foriomlána atá socraithe de réir Airteagal 10.

2.2 Ról an Bhoird Phleanála mar Údarás Inniúil

Is é ról an Bhoird Phleanála mar Údarás Inniúil sa phróiseas um dheonú ceadúnais i gcás Tionscadal Leasa Choitinn comhthiomsú agus comhordú a dhéanamh ar eisiúint na dtoilithe agus na gcinntí difriúla uile is gá ó gach údarás ábhartha agus monatóireacht a dhéanamh ar cibé an bhfuil na húdaráis i dtrácht ag comhlíonadh na dteorannuithe ama de réir na Scéime

Comhoibrithí. Tá ról ag an mBord Pleanála, leis, faoi Airteagal 5.6 i dtaca le dul chun cinn a thuairisciú, ar bhonn bliantúil, agus, más cuí, moilleanna i gcur chun feidhme Thionscadail Leasa Choitinn atá suite ina limistéar faoi seach a thuairisciú, ag féachaint do na próisis um dheonú ceadúnais, agus na cúiseanna leis na moilleanna sin. Ról mar mheasúnóir neamhspleách a bheidh i ról reachtúil pleanála an Bhoird Phleanála i gcónaí, faoi mar ab amhlaidh roimhe seo, maidir le cinneadh a dhéanamh ar aon iarratas a thaisctear leis. Ní dhéanfaidh a dhualgais faoin Rialachán difear don mheasúnú neamhchlaon a dhéantar ar iarratais phleanála.

Chun béim a leagan air sin, bunóidh an Bord Pleanála Aonad PCI chun an próiseas PCI a riar, aonad a bheith scoite amach ó na hAonaid Bhonneagair Straitéisigh agus na hAonaid Achomhairc Phleanála. Beidh an tAonad seo freagrach as na ceadúnais éagsúla a chomhordú agus as comhoibriú leis na comhlachtaí a thugann ceadúnais, agus le hÚdaráis Inniúla eile, as an Lámhleabhar Nósanna Imeachta an Phróisis um Dheonú Ceadúnais a thabhairt chun dáta, agus as an gcinneadh cuimsitheach a eisiúint.

Is é ról an Bhoird Phleanála mar chomhlacht a thugann ceadúnas faoin Scéim Chomhoibritheach ceadúnas a chur ar fáil in am trátha mar chuid den phróiseas PCI, ar aon dul leis na húdaráis eile i dtrácht. I gcás tionscadal PCI ar tionscadal Bonneagair Straitéisigh é, leis, d'fhéadfaí smaoineamh ar an mBord Pleanála mar chomhlacht a bhfuil dhá ról aige: ról amháin mar chomhlacht cinnteoireachta i dtaca le pleanáil agus ról eile mar Údarás Inniúil sa phróiseas PCI. Ní thrasnóidh an dá ról a chéile agus beidh aonad riaracháin ar leithligh i bhfeighil gach ról díobh chun an scaradh feidhmeanna seo a choimeád.

2.3 Ról na nÚdarás Ceadaitheora

Ní dhéanfaidh sé dochar do neamhspleáchas ná do neamhchlaon údaráis eile i dtrácht agus iarratais ar cheadúnas a thagann faoina dtéarmaí tagartha á gcinneadh acu, a bheith bainteach leis an bpróiseas PCI. Foráiltear sa Scéim Chomhoibritheach más dócha nach n-eiseoidh údarás aonair cinneadh ar cheadúnas laistigh den teorainn ama sonraithe, go gcuirfidh an t-údarás sin an Bord Pleanála mar Údarás Inniúil ar an eolas gan mhoill agus go dtabharfar cúis leis an moill. Níor cheart féachaint ar an gceanglas seo chun an Bord Pleanála (Údarás Inniúil)¹ a chur ar an eolas agus cúis leis an moill a thabhairt mar ról ag an mBord Phleanála i gcinneadh aonair údaráis eile nó mar chur isteach ar ról cinnteoireachta reachtúil údaráis eile laistigh dá ndlínse reachtúil. Ní bhainfidh ról monatóireachta an Bhoird Phleanála (Údarás Inniúil) ach amháin le heilimintí an teorannaithe ama agus na feidhme comhordaithe agus ba cheart féachaint air i gcomhthéacs sceideal an tionscadail aonair a dhréachtófar i ndlúthchomhar le húdaráis eile agus le tionscnóir an tionscadail.

¹ Ciallaíonn an Bord Pleanála (Údarás Inniúil) an Bord Pleanála ag gníomhú ina ról mar Údarás Inniúil faoin Rialachán.

2.4 Oibleagáidí agus Ceanglais

Leagann an Rialachán oibleagáidí agus ceanglais ar an mBord Pleanála mar Údarás Inniúil, ar údaráis ceadaitheora eile sa phróiseas agus ar thionscnóirí an tionscadail. Seo thíos liosta de chuid de na hoibleagáidí agus ceanglais i gceist.

An Bord Pleanála ina Údarás Inniúil

- Scéim mhionsonraithe a bhunú, ar bhonn cáis, le haghaidh an phróisis um dheonú ceadúnais. Déanfar amhlaidh i gcomhairle le tionscnóir an tionscadail agus leis na húdaráis eile. [Airteagal 10.4(b)].
- Monatóireacht a dhéanamh ar cibé an bhfuiltear ag comhlíonadh na teorannuithe ama. [Airteagal 8.3(b)].
- Teorannuithe ama aonair a athshocrú, i gcás nach gcomhlíontar na teorannuithe ama bunaidh. [Airteagal 8.3].
- Mionathrú nó ceadú a dhéanamh ar an gcoincheap rannpháirtíocht an phobail a chuir tionscnóir an tionscadail isteach. [Airteagal 9.3].
- Tuarascáil bhliantúil maidir le dul chun cinn nó moilleanna ar chur chun feidhme an PCI, ag féachaint do na próisis um dheonú ceadúnais, a chur faoi bhráid an Ghrúpa ábhartha. [Airteagal 5.6].
- Dul i mbun idirchaidrimh dhlúth le hÚdaráis Inniúla i mBallstáit eile, agus comhsceidil a ullmhú d'fhonn cláir ama a ailíniú. [Airteagal 10.4(b)].
- Lámhleabhar na Nósanna Imeachta a thabhairt chun dáta nuair is gá. [Airteagal 9.1].

Údaráis Ceadaitheora

- Dul i gcomhar leis an mBord Pleanála (Údarás Inniúil) chun measúnú a dhéanamh ar imlíne thionscadail, imlíne atá réasúnta mionsonraithe, a chuir tionscnóir an tionscadail isteach, ar mhaithe leis an bhfógra a thabhairt chun suntais agus tús an phróisis um dheonú ceadúnais a shocrú. [Airteagal 10.1(a)].
- Dul i gcomhar leis an mBord Pleanála (Údarás Inniúil) chun teorannuithe ama a shocrú dá gcinntí. [Airteagal 10.4(b)].
- An Bord Pleanála (Údarás Inniúil) a chur ar an eolas i gcás nach dócha go gcomhlíonfar teorainn ama maidir le cinneadh, agus cúis leis an moill a chur ar fáil. [Airteagal 8.3(b)].
- An cinneadh sin a chóipeáil agus a chur in iúl don Bhord Pleanála (Údarás Inniúil) agus an cinneadh a chur in iúl do thionscnóir an tionscadail ag an am céanna. [Airteagal 8.3(b)].

Tionscnóirí Tionscadail

- Plean cur chun feidhme a dhréachtú don Tionscadal. [Airteagal 5.1].
- Imlíne réasúnta mionsonraithe den tionscadal a sholáthar nuair a bhíonn tús á chur leis an bpróiseas PCI. [Airteagal 10.1(a)].
- Féachaint do na prionsabail a bhuntacaíonn le rannpháirtíocht an phobail sa phróiseas. [Iarscríbhinn VI(3)].
- Coincheap maidir le rannpháirtíocht an phobail a dhréachtú agus a chur faoi bhráid an Bhoird Phleanála (Údarás Inniúil). [Airteagal 9.3].
- A chinntiú go mbíonn an comhad iarratais iomlán agus leordhóthanach. [Airteagal 10.5].
- A chinntiú go gcuirtear gach eolas is gá ar fáil go pras do na húdaráis ábhartha ionas gur féidir na teorannuithe ama socruithe a chomhlíonadh. [Airteagal 10.5].
- Suíomh Gréasáin tionscadail a bhunú, a choimeád agus a thabhairt chun dáta. [Airteagal 9.7].
- Comhoibriú i ngach slí leis an mBord Pleanála (Údarás Inniúil) chun sprioc-amanna a bhaint amach agus cloí le sceideal mionsonraithe an phróisis um dheonú ceadúnais. [Airteagal 10.5].
- Tuarascáil bhliantúil ar an tionscadal a chur faoi bhráid an Bhoird Phleanála (Údarás Inniúil). [Airteagal 5.4].

3.0 Lámhleabhar na Nósanna Imeachta

Foráiltear in Airteagal 9 den Rialachán, a dhéileálann le Trédhearcacht agus le Rannpháirtíocht an Phobail, go ndéanfaidh gach Ballstát nó Údarás Inniúil, i gcás inar cuí, agus i gcomhar leis na húdaráis i dtrácht, lámhleabhar nósanna imeachta a fhoilsiú maidir leis an bpróiseas um dheonú ceadúnais a ghabhann le Tionscadail Leasa Choisinn. Tabharfar an lámhleabhar chun dáta de réir mar is gá agus cuirfear ar fáil don phobal é. Ní ceangal dlí é an lámhleabhar ach d'fhéadfaí tagairt a dhéanamh d'fhorálacha cuí dlí ann, nó iad a lua. Áireofar ar an lámhleabhar ar a laghad an t-eolas a shonraítear in Iarscríbhinn VI.I den Rialachán. Cuirtear VI(1) ar fáil thíos, mar áis tagartha:

Iarscríbhinn VI(1)

Sonrófar ar a laghad na nithe seo a leanas sa lámhleabhar dá dtagraítear in Airteagal 9(1):

- (a) an dlí ábhartha ar a mbunaítear cinntí agus tuairimí i gcás na gcineálacha difriúla Tionscadal Leasa Choitinn ábhartha, lena n-áirítear an dlí comhshaoil;
- (b) na cinntí agus na tuairimí ábhartha a bheidh le fáil;
- (c) ainmneacha agus sonraí teagmhála bhail an Údaráis Inniúil, na n-údarás eile agus na bpríomh-gheallsealbhóirí i dtrácht;
- (d) an sreabhadh oibre, ina luaitear gach céim sa phróiseas, lena n-áirítear fráma ama táscach agus forbhreathnú cuimsitheach ar an bpróiseas cinnteoireachta;
- (e) eolas ar scóip, struchtúr agus leibhéal sonraí na ndoiciméad atá le cur isteach leis an iarratas ar chinntí, agus seicliosta san áireamh;
- (f) céimeanna agus modhanna le gur féidir leis an bpobal i gcoitinne a bheith rannpháirteach sa phróiseas.

4. An Próiseas um Dheonú Ceadúnais: Airteagal 10

Dhá nós imeachta atá i gceist sa phróiseas um dheonú ceadúnais: (a) an nós imeachta réamhiarratais agus (b) an nós imeachta reachtúil um dheonú ceadúnais.

4.1 Céim an Fhógra

D'fhonn tús an phróisis um dheonú ceadúnais a shocrú, ní mór do thionscnóir an tionscadail an tionscadal a fhógairt don Bhord Pleanála (Údarás Inniúil). Le linn na tréimhse 3 mhí atá ar fáil chun an fógra a thabhairt chun suntais nó a dhiúltú, rachaidh an Bord Pleanála (Údarás Inniúil) i dteagmháil le gach údarás ábhartha ag iarraidh orthu measúnú a sholáthar ar cibé an bhfuil an tionscadal aibí a dhóthain chun dul isteach sa phróiseas um dheonú ceadúnais. Mar sin ní mór do thionscnóir an tionscadail sonraí na dtoilithe a bheidh ag teastáil ag an gcéim seo a thabhairt. Cuirfidh sé moill ar an tionscadal, má dhéantar faillí i gceadúnas riachtanach a shainaithint.

Tar éis fógra a fháil i dtaobh an tionscadail ó thionscnóirí an tionscadail, beidh 3 mhí ag an mBord Pleanála (Údarás Inniúil) chun an fógra a thabhairt chun suntais nó a dhiúltú (thar ceann na n-údarás ábhartha). Ceanglófar ar thionscnóir an tionscadail, mar chuid den fhógra chun tús an phróisis um dheonú ceadúnais a shocrú, imlíne réasúnta mionsonraithe den tionscadal a chur isteach go dtí an Bord Pleanála (Údarás Inniúil). San imlíne réasúnta mionsonraithe sin den tionscadal, beidh an Bord Pleanála (Údarás Inniúil) ag súil go sonrúidh

tionscnóir an tionscadail méid an tionscadail agus go liostóidh sé na toilithe is dóigh leis is gá. Tosóidh an nós imeachta réamhiarratais nuair a thugann an Bord Pleanála (Údarás Inniúil) chun suntais an fógra a chuireann tionscnóir an tionscadail isteach faoi Airteagal 10.1(a).

4.2 An Nós Imeachta Réamhiarratais

Clúdaíonn an nós imeachta réamhiarratais an tréimhse idir thús an phróisis um dheonú ceadúnais agus an uair a ghlacann an Bord Pleanála (Údarás Inniúil) le comhad an iarratais. Beidh an tréimhse sin ann laistigh de thréimhse tháscach dhá bhliain. Foráiltear in Airteagal 10.2 den Rialachán le haghaidh síneadh 9 mí ar a mhéad ar an tréimhse ama (ar an dá nós imeachta in éineacht).

Ba chóir do thionscnóir an tionscadail gach tuarascáil chomhshaoil is gá dó nó di a chur ar fáil a ullmhú sa chéim réamhiarratais. Tar éis don Bhord Pleanála (Údarás Inniúil) tús an phróisis um dheonú ceadúnais a thabhairt chun suntais, faoi alt 10.1(a) den Rialachán, sonróidh an Bord Pleanála scóip an ábhair agus leibhéal sonraí an eolais a chaithfear a chur isteach. Déanfar amhlaidh i ndlúthchomhar leis na húdaráis eile i dtrácht, agus i gcás inar cuí, ar bhonn thogra de chuid thionscnóir an tionscadail.



Ina cháil mar Údarás Inniúil, dréachtóidh an Bord Pleanála sceideal mionsonraithe le haghaidh an phróisis um dheonú ceadúnais. Dréachtófar an sceideal i ndlúthchomhar le tionscnóir an tionscadail agus leis na húdaráis eile i dtrácht. Ba chóir a chur san áireamh go gcaithfidh aon phróiseas achomhairc atá cuimsithe i nósanna imeachta um dheonú toilithe na n-údarás éagsúil, a d'fhéadfadh a bheith infheidhme maidir leis an tionscadal seo, a bheith mar chuid den Sceideal seo. Mar shampla, d'fhéadfadh aon achomharc in aghaidh cinnidh a rinne Údarás um Rialú Foirgníochta, atá ceadaithe faoi na hAchtanna um Rialú Foirgníochta, a bheith san áireamh ansin. Ní áireofar air, más ea, dúshláin dhlíthiúla. Leagtar amach in Iarscríbhinn VI(2) den Rialachán na treoirlínte le haghaidh an sceidil. Seo a leanas na treoirlínte íosta is gá a sholáthar:

- (a) na cinntí agus na tuairimí a bheidh le fáil;
- (b) na húdaráis, na geallsealbhóirí agus an pobal is dócha a chuirfidh spéis ann;
- (c) céimeanna aonair an nós imeachta agus an fad a mhairfidh siad;
- (d) na príomh-chlochmhílte a bheidh le baint amach agus na spriocamanna a bheidh i gceist, i bhfianaise an chinnidh chuimsithigh a bheidh le déanamh;
- (e) na hacmhainní atá curtha i leataobh ag na húdaráis agus na hacmhainní breise a d'fhéadfadh a bheith riachtanach.

Áirítear ar an gcéim seo den phróiseas an comhairliúchán agus an rannpháirtíocht poiblí a bheidh faoi chúram thionscnóir an tionscadail (agus páirtithe ábhartha, más cuí). Ba cheart do thionscnóirí tionscadail a chur san áireamh go bhforáiltear in Airteagal 9(3) den Rialachán nach mór don Bhord Pleanála (Údarás Inniúil) aon chineál comhairliúcháin agus rannpháirtíochta poiblí a dhéantar roimh thús an phróisis um dheonú ceadúnais a chur san áireamh agus coincheap rannpháirtíocht an phobail á bhreithniú.

Tá sreabhchlár den nós imeachta réamhiarratais tugtha thíos.

Tionscadail Leasa Choitinn – An Próiseas um Dheonú Ceadúnas Foramharc ar an Nós Imeachta Réamhiarratais



1. Áirítear ar an bhfógra imlíne réasúnta mionsonraithe den tionscadal.
2. Gníomhaíonn an Bord Pleanála (Údarás Inniúil) thar ceann na n-údarás eile i dtrácht.
3. Gníomhaíonn an Bord Pleanála (Údarás Inniúil) i ndlúthchomhar leis na húdarás eile i dtrácht agus, más cuí, ar bhonn togra ó thionscnóir an tionscadail.
4. Gníomhaíonn an Bord Pleanála (Údarás Inniúil) i ndlúthchomhar le tionscnóir an tionscadail agus leis na húdarás eile i dtrácht.

Notáí:

Áirítear ar an nós imeachta seo ullmhú aon tuairiscí comhshaoil is gá do thionscnóir an tionscadail a ullmhú.

Cuirtear coincheap rannpháirtíochta poiblí isteach laistigh de thréimhse tháscach 3 mhí ó thús an phróisis do dheonú ceada.

Ní mór an comhairliúchán poiblí a chur i gcrích sula gcuirtear an comhad iarratais isteach: gheofar na híosriachtanais in Iarscríbhinn VI (5) de Rialachán 347/2013.

4.3 An Nós Imeachta Reachtúil um Dheonú Ceadúnais



Clúdaíonn an nós imeachta reachtúil um dheonú ceadúnais an tréimhse ón dáta ar a nglactar leis an gcomhad iarratais a cuireadh isteach go dtí an dáta ar a ndéantar an cinneadh cuimsitheach. Foráiltear in Airteagal 10.1(b) den Rialachán nach sáróidh an tréimhse bliain go leith. Cé nár chóir go sáróidh fad tréimhse an dá nós imeachta in éineacht tréimhse 3 bliana go leith, foráiltear sa Rialachán, i gcás go measann an Bord Pleanála (Údarás Inniúil) nach dtabharfar nós imeachta amháin nó an dá cheann (an nós imeachta réamhiarratais agus an nós imeachta reachtúil um dheonú ceadúnais) chun críche roimh dheireadh na tréimhse ama socraithe, gur féidir leis a chinneadh roimh éag na tréimhse, agus ar bhonn cáis, síneadh de 9 mí ar a mhéad a thabhairt i gcás nós imeachta amháin nó an dá cheann in éineacht.

Breithneoidh gach údarás na heilimintí de thionscadal PCI a bhaineann lena fheidhmeanna féin agus breithneoidh an Bord Pleanála (Údarás Inniúil) na gnéithe sin (pleanáil, mar shampla) a bhaineann lena fheidhmeanna siúd. I gcás ina ndiúltaíonn údarás ar bith eile, atá freagrach as ceadúnas a eisiúint mar chuid den chinneadh cuimsitheach, an ceadúnas a eisiúint, nó i gcás ina chinneann an Bord Pleanála gan cead pleanála a eisiúint, is é toradh a bheidh air ná nach n-eiseoidh an Bord Pleanála (Údarás Inniúil) an cinneadh cuimsitheach.

Agus iarratas á bhreithniú tabharfaidh an Bord Pleanála (agus údaráis eile ábhartha i gcás iarratas a dhéantar chucu siúd) aird chuí ar gach gnó agus oibleagáid phleanála, comhshaoil, sláinte an duine agus ar aon ghnó eile a bheadh mar ghnáthchuid dá fhreagracht reachtúil agus dá measúnú ar thionscadail. Áireofar orthu sin gnóthaí a thagann chun cinn ó fhorálacha na Ráiteas Tionchair Timpeallachta agus na dTreoracha maidir le Gnáthóga (agus Éin), an Chreat-Treoir Uisce agus Coinbhinsiún Aarhus. Tabharfaidh an Bord Pleanála aird chuí, leis, ar fhorálacha Airteagal 8(5) agus 10(4) de na Rialacháin agus déanfar iarracht, áit is féidir, le nósanna imeachta a shocrú i gcomhpháirt le Ballstáit eile ó thaobh measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar an timpeallacht. Dírítear aird thionscnóirí tionscadail ar an doiciméad treorach "Streamlining environmental procedures for energy infrastructure Projects of Common Interest (PCIs)" a d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach, Comhshaol agus Fuinneamh, in Iúil 2013. Gheofar nasc chuig an doiciméad [anseo](#).

Tá sreabhchlár den nós imeachta um dheonú ceadúnas tugtha thíos.

Tionscadail Leasa Choitinn: An Próiseas um Dheonú Ceadúnas Foramharc ar an Nós Imeachta Reachtúil Deonú Ceada



1. Gníomhaíonn an Bord Pleanála (Údarás Inniúil) thar ceann na n-údarás eile i dtrácht. Comhad iarratais agus tuarascáil ag gabháil leis, a d'ullmhaigh tionscnóir an tionscadail, agus ina n-achoimrítear torthaí na ngníomhaíochtaí comhairliúcháin poiblí.

2. D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach, Comhshaoil agus Fuinneamh, 'Streamlining environmental assessment procedures for energy infrastructure Projects of Common Interest (PCIs)' in Iúil 2013.

4.4 PCI agus an Comhédan Bonneagair Straitéisigh

I gcás inar cineál forbartha é PCI atá sonraithe sa Seachtú Sceideal san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú, nó forbairt a thagann faoi threoir alt 182A nó alt 182C den Acht, ní mór do thionscnóir an tionscadail dul i mbun comhairliúchán réamhiarratais ar leithligh leis an mBord Pleanála chun a fháil amach cibé an bhféachfar ar an bhforbairt bheartaithe mar bhonneagar straitéiseach.

Próisis dheighilte a bheidh sa nós imeachta réamhiarratais PCI agus sna comhairliúcháin réamhiarratais maidir le forbairt bonneagair straitéisigh. Ba cheart do thionscnóirí tionscadail a chur san áireamh go gceanglaítear faoin bpróiseas forbartha do bhonneagar straitéiseach taifead a choimeád de chruinnithe agus na taifid sin a chur ar fáil don phobal ag deireadh an phróisis. Mar sin ba cheart do thionscnóirí tionscadail a bheith ar an eolas maidir leis seo sula gcuireann siad aon ábhar a mheasann siad atá íogair ó thaobh na tráchtála faoi bhráid an Bhoird Phleanála ag na cruinnithe seo.

De bhrí go mbeidh cruinnithe ar leith ann i gcás an dá phróiseas, déanfaidh an Bord Pleanála (Údarás Inniúil) a dhícheall na cruinnithe ar leithligh sin a sceidealú ar shlí a d'oirfeadh do thionscnóirí tionscadail ó thaobh ama agus taistil.

Tá na doiciméid phoiblí seo a leanas ábhartha ó thaobh tuiscint a fháil ar an bpróiseas Forbartha Bonneagair Straitéisigh agus ar rannpháirtíocht an phobail sa phróiseas sin.

- [Eolas ar an mBille um Pleanáil agus Forbairt \(Bonneagar Straitéiseach\) – Sreabhchairt](#)
- [Táillí Bonneagair Straitéisigh: Treoir maidir leis na Táillí atá iníoctha](#)
- [Treoir maidir le Rannpháirtíocht an Phobail](#)
- [Treoirlínte d'Údaráis Phleanála](#)
- [An 7ú Sceideal, Forbairt Bonneagair Straitéisigh, Treoirlínte d'Iarrthóirí.](#)
- [Forbairt Bonneagair Straitéisigh: Foirm Iarratais](#)

Gheofar tuilleadh eolais ar an mBord Pleanála agus ar Bhonneagar Straitéiseach ar www.pleanala.ie

4.5 Eisiúint an Chinnidh Chuimsithigh

I gcás inar gá cead/ceadú an Bhoird Phleanála faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, leasaithe, a fháil do thionscadal, eiseoidh an Bord Pleanála ordú sínithe/séalaithe an Bhoird, faoi mar a dhéantar i láthair na huair. Meastar go leanfaidh na húdaráis eile i dtrácht dá gcinntí a eisiúint faoi mar a dhéanann siad i láthair na huair.

Eiseofar an cinneadh cuimsitheach tar éis do na húdaráis i dtrácht, lena n-áirítear an Bord Pleanála, toilithe/ceadanna a eisiúint. I gcás mar sin, eiseofar an cinneadh cuimsitheach mar

dhoiciméad ón mBord Pleanála (Údarás Inniúil) ina mionsonrófar gach ceadúnas riachtanach a deonaíodh agus a fuarthas d'fhonn an tionscadal a réadú.

5. Rannpháirtíocht an Phobail: An Rialachán

5.1 Airteagal 9 de Rialachán 347/2013.

Foráiltear in Airteagal 9 go gcloífidh gach páirtí atá bainteach leis an bpróiseas um dheonú ceadúnais, gan dochar d'aon cheanglas faoi Choinbhinsiúin Aarhus agus Espoo agus d'aon dlí ábhartha AE, leis na prionsabail maidir le rannpháirtíocht an phobail atá leagtha amach in Iarscríbhinn V1.3.

Seo thíos na prionsabail sin:

- (a) Déanfar na geallsealbhóirí a ndéanfaidh an tionscadal leasa choitinn difear dóibh, lena n-áirítear údaráis ábhartha náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, úinéirí talún agus saoránaigh a chónaíonn i bhfoisceacht an tionscadail, an pobal i gcoitinne agus a gcumainn, eagraíochtaí nó grúpaí, a choimeád ar an eolas agus rachfar i gcomhairle leo ag céim luath, nuair is féidir ábhair a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhair inní ag an bpobal a chur san áireamh ar shlí oscailte thrédhearcach. I gcás inar cuí, tacóidh an tÚdarás Inniúil go gníomhach le gníomhaíochtaí thionscnóir an tionscadail.
- (b) Cinnteoidh údaráis inniúla go seoltar nósanna imeachta comhairliúcháin le haghaidh Tionscadail Leasa Choitinn in éineacht, a mhéad is féidir. Clúdóidh gach comhairliúchán poiblí gach ábhar a bhaineann leis an gcéim ábhartha den nós imeachta, agus ní dhéanfar ábhar a bhaineann le céim ar leith den nós imeachta a phlé i mbreis agus comhairliúchán poiblí amháin; mar sin féin, is féidir comhairliúchán poiblí amháin a sheoladh i mbreis agus suíomh geografach amháin. Taispeánfar go soiléir san fhógra maidir le comhairliúchán poiblí cé na hábhair a phléifear ag an gcomhairliúchán poiblí áirithe sin.
- (c) Glacfar le tuairimí agus agóidí ó thús an chomhairliúcháin poiblí go dtí éag an spriocdháta agus sa tréimhse sin amháin.

Gníomhóidh an Bord Pleanála mar Údarás Inniúil do Thionscadail Leasa Choitinn de réir na bprionsabal sin.

5.2 An Nós Imeachta Réamhiarratais agus Rannpháirtíocht an Phobail

Tá tréimhse tháscach 3 mhí ag tionscnóir an tionscadail ó thús an phróisis um dheonú ceadúnais chun coincheap rannpháirtíocht an phobail a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála (Údarás Inniúil). Ní mór don Bhord Pleanála (Údarás Inniúil) an coincheap a mhionathrú nó a cheadú laistigh de 3 mhí.

Déanfar an mionathrú nó an ceadú tar éis dul i gcomhairle leis na húdaráis ábhartha eile, de réir mar is cuí.

Chun éifeacht a thabhairt do phrionsabal rannpháirtíocht an phobail, is é sin go gcuirfí an pobal i gcoitinne, geallsealbhóirí agus úinéirí talún ar an eolas go mion, beidh an Bord Pleanála ag iarraidh ar thionscnóirí tionscadail an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo a luaithe is féidir, agus d'fhéadfadh an tréimhse sula gcuireann tionscnóir an tionscadail an Bord Pleanála (Údarás Inniúil) ar an eolas go foirmiúil faoin tionscadal faoi Airteagal 10(1)(a) den Rialachán a bheith san áireamh ansin. Díríonn an Bord Pleanála aird na dtionscnóirí tionscadail ar fhorálacha Airteagal 9(3) den Rialachán ina bhforáiltear go gcuirfidh an Bord Pleanála (Údarás Inniúil) san áireamh aon chineál comhairliúcháin agus rannpháirtíochta poiblí a dhéantar roimh thús an phróisis um dheonú ceadúnais agus cinneadh ar bith á dhéanamh i dtaca le coincheap rannpháirtíocht an phobail.

5.3 Rannpháirtíocht an Phobail sula gcuirtear an Comhad Iarratais isteach

Leagtar amach in Iarscríbhinn VI(5) den Rialachán, an méid, ar a laghad, a chuirfidh na páirtithe ábhartha ar fáil: Is iad sin:

- (a) bileog eolais 15 leathanach ar a mhéad, a thabharfaidh forbhreathnú soiléir gonta ar chuspóir agus ar réamh-thráthchlár an tionscadail, plean forbartha an ghreille náisiúnta, bealaí malartacha a breithníodh, tionchair ionchasacha, lena n-áirítear tionchair trasteorann, agus bearta maolaithe féideartha, agus a fhoilseofar roimh thús an chomhairliúcháin; ina theannta sin liostálfar sa bhileog eolais suíomhanna Gréasáin an ardáin trédhearcachta a ndéantar tagairt dó in Airteagal 18 agus an lámhleabhair nósanna imeachta;
- (b) gach geallsealbhóir a ndéanfaidh an tionscadal difear dóibh a chur ar an eolas tríd an suíomh Gréasáin a ndéantar tagairt dó in Airteagal 9(7) den Rialachán agus ar shlite oiriúnacha eolais eile;
- (c) cuireadh i scríbhinn a thabhairt do gheallsealbhóirí ábhartha chuig cruinnithe tiomnaithe, ag a bpléifear údair inní.

Beidh an Bord Pleanála (Údarás Inniúil) ag súil go gcuirfidh tionscnóir an tionscadail sonraí ar fáil, ag céim an nós imeachta réamhiarratais, a chruthódh gur comhlíonadh an méid thuas.

5.4 Coincheap Rannpháirtíocht an Phobail

Foráiltear in Airteagal 9.3 de Rialachán 347/2013 go ndéanfaidh tionscnóir tionscadail, laistigh den tréimhse tháscach trí mhí ó thús an phróisis um dheonú ceadúnais faoi Airteagal 10(1)(a), coincheap rannpháirtíocht an phobail a dhréachtú agus a chur faoi bhráid an Bhoird Phleanála (Údarás Inniúil). Laistigh de thrí mhí den choincheap a fháil, iarrfaidh an Bord

Pleanála (Údarás Inniúil) mionathruithe nó ceadóidh sé an coincheap. Lorgóidh an Bord Pleanála (Údarás Inniúil) tuairim údarás ábhartha eile i dtrácht maidir leis an gcoincheap.

Gheofar in Iarscríbhinn VI (4) den Rialachán sonraí den íosmhéid nár mhór a bheith sa choincheap. Is iad sin:

- (a) na geallsealbhóirí i dtrácht agus na geallsealbhóirí ar díriodh orthu;
- (b) na bearta atá beartaithe, lena n-áirítear suíomhanna agus dátaí atá beartaithe do chruinnithe tiomnaithe;
- (c) na tréimhsí ama;
- (d) na hacmhainní daonna atá leithdháilte ar na tascanna éagsúla.

Díríonn an Bord Pleanála (Údarás Inniúil) aird thionscnóirí tionscadail ar cheanglais na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 agus ar cheart bunúsach an tsaoránaigh ar phríobháid i dtaca le haon ábhar trína bhféadfaí geallsealbhóirí a shainaithint agus a fhoilsítear i gcoincheap rannpháirtíocht an phobail.

I gcoitinne, is é intinn an Bhoird Phleanála (Údarás Inniúil), i gcás go gceadaítear coincheap rannpháirtíocht an phobail le haghaidh tionscadal ar leith, a iarraidh ar thionscnóir an tionscadail an coincheap rannpháirtíocht an phobail ceadaithe a phostáil ar an suíomh Gréasáin mar shlí eile chun trédhearcacht agus rannpháirtíocht an phobail a mhéadú.

Lena chois sin, measann an Bord Pleanála (Údarás Inniúil) gur chóir gach aighneacht a fhaightear mar chuid den phróiseas comhairliúcháin phoiblí a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin an tionscadail ach amháin má bhíonn cúiseanna réasúnta curtha ar fáil ag an aighnitheoir, lena mbreithniú ag an mBord Pleanála mar Údarás Inniúil, le go nglacfaí lena aighneacht siúd faoi rún. Ba cheart do thionscnóirí tionscadail a bheith ar an eolas faoina bhfreagrachtaí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003, i dtaca le heolas pearsanta ar nós seoltaí agus sonraí teagmhála.

5.5. Suíomh Gréasáin an Tionscail agus Rannpháirtíocht an Phobail

Leagtar amach in Iarscríbhinn VI (6) den Rialachán an t-íosmhéid eolais a chuirfidh suíomhanna Gréasáin tionscadail ar fáil. Seo a leanas na míreanna eolais sin:

- (a) an bhileog eolais a ndéantar tagairt dó i 8.4(a) thuas;
- (b) achoimre neamhtheicniúil, a thugtar cothrom le dáta go rialta, nach mó ná 50 leathanach, a léiríonn stádas reatha an tionscadail agus a thaispeánann go soiléir, i gcás nuashonruithe, athruithe ar leaganacha roimhe; tá lánchead ag tionscnóirí PCI eolas breise a chur ar fáil ar a gcuid suíomhanna Gréasáin. Mar sin féin, ní mór an bhileog eolais agus na doiciméid ina n-achóimrítear an stádas reatha a bheith i

bhfoirm dhoiciméid neamhspleácha, ina dtugtar tuairim iomlán, nach tuairim mhíthreorach í, ar an tionscadal agus a stádas reatha;

- (c) pleanáil an tionscadail agus pleanáil rannpháirtíocht an phobail, ag tabhairt dátaí agus suíomhanna soiléire do chomhairliúcháin agus d'éisteachtaí poiblí agus na hábhair is dócha a phléifear ag na héisteachtaí sin;
- (d) sonraí teagmhála an té ónar féidir sraith iomlán de na doiciméid iarratais a fháil;
- (e) sonraí teagmhála an té ar chóir tuairimí agus cuspóirí a chur chuige nó chuici le linn na gcomhairliúchán poiblí.

Beidh an Bord Pleanála (Údarás Inniúil) ag súil go ndéanfaidh tionscnóir an tionscadail i dtrácht an suíomh Gréasáin a chothabháil agus go ndéanfar gach athrú ar inneachar an tsuímh a dhoiciméadú ionas gur féidir leis an mBord Pleanála (Údarás Inniúil) an t-eolas a cuireadh ar fáil don phobal ag amanna faoi leith a rianú.

5.6 An Nós Imeachta Reachtúil um Dheonú ceadúnais agus Rannpháirtíocht an Phobail.

Mar an tÚdarás Inniúil faoin Scéim Chomhoibríoch, is é príomhról an Bhoird Phleanála eisiúint an chinnidh chuimsithigh a chomhordú, agus a chinntiú go ndéantar é laistigh den tréimhse atá leagtha amach sa Rialachán. Is é an cinneadh cuimsitheach an cinneadh nó an tsraith cinntí, gan cúirteanna ná binsí fiosrúcháin san áireamh, a chinneann cibé an údarófar tionscnóir tionscadail chun bonneagar fuinnimh a thógáil, ar mhaithe le tionscadal a chur i gcrích.

Beidh rannpháirtíocht an phobail sna próisis aonair um dheonú toilithe faoi threoir údaráis eile i bPoblacht na hÉireann laistigh d'inniúlacht na n-údarás sin ag an gcéim reachtúil um dheonú ceadúnais seo. I gcás ina gcuirtear tionscadail faoi bhráid an Bhoird Phleanála mar iarratais phleanála, cloífidh an Bord Pleanála lena nósanna imeachta féin maidir le rannpháirtíocht an phobail.

5.6.1 Rannpháirtíocht an Phobail agus an Bord Pleanála

Gheofar Treoir do Rannpháirtíocht an Phobail i bhForbairt Bonneagair Straitéisigh [anseo](#).

5.6.2 Rannpháirtíocht an Phobail agus an GCC

Gheofar eolas maidir le rannpháirtíocht reachtúil an phobail sa GCC sa phróiseas ceadúnaithe agus ceadaithe [anseo](#).

5.6.3 Rannpháirtíocht an Phobail agus Iarratais Imeall Trá

Tosaíocht ard de chuid na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil is ea rannpháirtíocht an phobail, agus iarratais imeall trá á measúnú.

Gheofar eolas maidir le rannpháirtíocht an phobail na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil [anseo](#).

6. Reachtaíocht Ábhartha maidir le Deonú Ceadúnais

6.1 Pleanáil Spásúil

An bealach is dóchúla ina ndéanfar cead pleanála spásúil a thabhairt do Thionscadail Leasa Choitinn ná go dtaiscfear iarratais phleanála leis an mBord Pleanála faoi fhorálacha a tugadh isteach leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach) 2006.

I bPoblacht na hÉireann, is é ceann de na chéad bhearta a dhéanfaidh tionscnóir tionscadail ar bith sonraí an tionscadail a chur faoi bhráid an Bhoird Phleanála ag iarraidh cinnidh cibé an bhféachfar ar an tionscadal mar thionscadal bonneagair straitéisigh. Má mheastar an tionscadal a bheith ina thionscadal bonneagair straitéisigh, ní mór an t-iarratas pleanála a chur faoi bhráid an Bhoird Phleanála. Má mheastar nach tionscadal bonneagair straitéisigh é ní mór an t-iarratas pleanála a chur faoi bhráid an údaráis phleanála áitiúil.

Gheofar sonraí na reachtaíochta ábhartha pleanála maidir le Poblacht na hÉireann ar shuíomh Gréasáin na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil [anseo](#).

Gheofar sonraí na reachtaíochta náisiúnta agus Aontais Eorpaigh maidir le tionscadail fuinnimh [anseo](#).

6.2 Ceadúnais do Bhonneagar Gáis

Ceadúnaíonn an CER bonneagar gáis nádúrtha faoi alt 16 den Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil) 2002. Áirítear air sin córais dáileacháin agus tarchuir; saoráidí stórála faoi thalamh agus saoráidí gáis nádúrtha leachtaigh. Ina theannta sin, deonaíonn an CER ceadúnais maidir le seoladh agus soláthar gáis nádúrtha.

Faoi mar a fhoráiltear in alt 16.1 den Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil), 2002, ag brath ar an gceadúnas atá á lorg, féadfaidh an CER téarmaí agus na coinníollacha a shocrú, a chuirfear ag gabháil le ceadúnas ar bith. I gcoitinne, ní mór d'iarratasóirí roinnt coinníollacha dlíthiúla, teicniúla, sábháilteachta agus rialála a chomhlíonadh sula n-eisíonn an CER ceadúnas. Gheofar eolas ar cheadúnais mhuiríompair agus soláthair [anseo](#).

Faoi dhlí na hÉireann, ní monaplachtaí iad na feidhmeanna tarchuir agus dáileacháin gáis agus mar sin is ceadmhach d'úinéirí bonneagair gháis iarratas a dhéanamh chuig an CER ar cheadúnas tarchuir nó dáileachain. Níor eisíodh aon cheadúnas dá shórt d'aon pháirtí seachas

do Bhord Gáis Éireann go dtí seo. Ba cheart d'iarratasóirí féideartha ar cheadúnas bonneagair dul i dteagmháil go díreach leis an CER chun riachtanais shonracha an cheadúnais i dtrácht a phlé.

6.3 Toilithe do Phíblínte Gáis

Luaitear in alt 39A den Acht Gáis 1978, arna leasú, nach ndéanfaidh duine, lena n-áirítear Bord Gáis Éireann, gan toiliú an CER, píblíne, seachas píblíne in aghaidh an tsrutha, a thógáil, ar, thar nó faoi dhromchla na talún nó faoi aon ghrinneall farraige atá suite i bhfarraigí críochacha an Stáit. Tá díolúine eisithe ag an CER do Bhord Gáis Éireann ón gceanglas toiliú píblíne a fháil do pháiblínte a bhfuil brú oibríochta faoi bharr 4 acu. Aon PCI a mbeidh tógáil píblíne mar chuid de, beidh gá le toiliú píblíne faoi alt 39A maidir leis. Má thrasnaíonn píblíne nó saoráid ghaolmhar tailte tríú páirtí, féadfaidh an CER ordú chun talamh a thógáil go héigeantach a eisiúint, leis, faoi alt 32A den Acht Gáis, arna leasú.

Foráiltear in alt 40A den Acht Gáis 1976, arna leasú ag alt 12(1)(b) den Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil) 2002, gurb é an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náisiúnta atá freagrach as toiliú a eisiúint chun píblíne in aghaidh an tsrutha a thógáil agus a oibriú. Faoi alt 26(1A)(b) den Acht Gáis 1976, arna leasú ag alt 23(1)(d) den Acht Gáis (Eatramhach)(Rialáil) 2002, is é an tAire atá freagrach as deimhniú bona fides a eisiúint i dtaca leis an iarratasóir.

Lena chois sin, d'fhéadfadh ceadúnas imeall trá a bheith riachtanach i gcás píblíne gháis a thrasnaíonn imeall trá. Is é an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a eisíonn a leithéid de cheadúnas faoi na hAchtanna Imeall Trá 1933-2005.

6.4 Píblínte Gáis (Le sruth)

Is é an CER atá freagrach as toiliú chun píblíne gháis le sruth a thógáil agus a fhorbairt, faoi alt 39A den Acht Gáis 1976, arna leasú ag alt 12 den Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil) 2002 faoi réir chritéir áirithe, mar atá leagtha amach faoi ailt 12(3) agus 12(4) den Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil) 2002. Foráiltear in alt 40A den Acht Gáis 1976, arna leasú ag alt 12(1) den Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil) 2002, nach mór ráiteas tionchair timpeallachta a chur isteach in éineacht le haon iarratas ar pháiblíne le sruth a thógáil.

Faoi alt 26(1A)(b) den Acht Gáis 1976, arna chur isteach le halt 23(1) den Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil) 2002, ní mór deimhniú bona fide i leith an iarratasóra, arna eisiúint ag an CER, a bheith ag gabháil le haon iarratas chun píblíne gháis le sruth a thógáil.

Lena chois sin, d'fhéadfadh ceadúnas imeall trá a bheith riachtanach i gcás píblíne gháis a thrasnaíonn imeall trá. Is é an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a eisíonn a leithéid de cheadúnas faoi na hAchtanna Imeall Trá 1933-2005.

6.5 Píblínte Gáis (In aghaidh an tsrutha)

Is é an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha atá freagrach as toilithe a eisiúint chun píblíne gháis in aghaidh an tsrutha a thógáil agus a oibriú. Is é alt 40A den Acht Gáis 1976, arna leasú ag alt 12(1)(9b) den Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil) 2002, an reachtaíocht a rialaíonn na toilithe seo.

Lena chois sin, is é freagracht an Aire deimhniú bona fides a eisiúint i dtaca le hiarratas chun píblíne in aghaidh an tsrutha a thógáil. Ceanglaítear é sin faoi alt 26(1A)(b) den Acht Gáis 1976, arna leasú ag alt 23(1)(d) den Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil) 2002.

6.6 Giniúint agus Tarchur Leictreachais

Tionscadail PCI a bhfuil giniúint leictreachais ina chuid díobh, beidh gá le ceadúnas chun leictreachas a ghiniúint agus údarú chun stáisiún giniúna a thógáil, faoi ailt 14 agus 16 den Acht um Rialáil Leictreachais 1999. Gheofar anseo doiciméid CER atá ábhartha maidir le tógáil stáisiún giniúna agus do cheadúnú giniúna.

I láthair na huaire, is é EirGrid plc an t-aon duine atá ceadúnaithe chun línte tarchuir leictreachais a thógáil nó a oibriú in Éirinn. Ní mór do thionscadail PCI, seachas EirGrid, a mbeidh tógáil nó oibriú línte tarchuir mar chuid díobh, dul i dteagmháil dhíreach leis an CER chun an tsaincheist a phlé.

6.7 Idirnascaire Leictreachais agus Stáisiún Ghiniúna

Foráiltear in alt 16(1) den Acht um Rialáil Leictreachais 1999, arna leasú ag alt 8 den Acht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2006, go n-eiseoidh an CER toiliú i leith tógáil nó atógáil stáisiún giniúna nó idirnascaire, faoi réir chritéir áirithe, mar atá leagtha amach faoi alt 18 d'Acht 1999.

Seo thíos naisc chuig na míreanna reachtaíochta thuasluaite:

[An tAcht Gáis 1976](#)

[An tAcht Gáis \(Eatramhach\) \(Rialáil\) 2002](#)

[Achtanna Imeach Tra 1933 – 2005](#)

Is é an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) rialálaí neamhspleách fuinnimh na hÉireann agus tá raon leathan feidhmeanna eacnamúla agus sábháilteachta aige. Gheofar naisc chuig eolas i dtaobh ról rialála an CER maidir le leictreachas agus gás.

Is é an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta an tÚdarás Inniúil maidir le rialú guaiseanna mórthimpiste. D'fhéadfadh sé sin a bheith ábhartha i gcás tionscadal áirithe bonneagair fuinnimh m.sh. saoráidí stórála ola agus gáis nó forbairtí bonneagair fuinnimh i bhfoisceacht bunáiteanna rialú guaiseanna mórthimpiste. Gheofar eolas [anseo](#).

Gheofar eolas ar cheadúnú agus ar cheadanna comhshaoil [anseo](#).

Is ar an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil atá an fhreagracht as feidhmeanna léasanna / ceadúnúcháin imeall trá. Is éard atá i gceist le himeall trá an limistéar ón líne bharr lán go 12 mhuirmhíle amach ón gcósta. Tá an t-imeall trá faoi úinéireacht an Stáit, le roinnt eisceachtaí. Duine ar mian leis forbairt a dhéanamh ar an imeall trá, ní mór dó léas nó ceadúnas a fháil faoin Acht Imeall Trá 1933 ón Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Gheofar eolas ar ghiniúint leictreachais agus ar cheadúnú tarchuir [anseo](#).

Gheofar eolas ar cheadúnú bonneagair gháis eile [anseo](#).

7. Príomh-gheallsealbhóirí

Beidh príomh-gheallsealbhóirí éagsúla ann, ag brath ar an tionscadal PCI i dtrácht (leictreachas, ola, gás srl.) agus ar an suíomh nó na suíomhanna i dtrácht.

Moltar do thionscnóirí tionscadail féachaint leis na príomh-gheallsealbhóirí atá bainteach leis a shainaithe trí dhul i dteagmháil leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha, leis an údarás (nó na húdaráis) áitiúil pleanála i dtrácht, le haon chomhlachtaí atá sonraithe sa reachtaíocht agus trí aon ghrúpaí leasa áitiúla nó poiblí a bhféadfadh an tionscadal difear a dhéanamh dóibh a shainaithe. Tabharfaidh an Bord Pleanála, ina cháil mar Údarás Inniúil, comhairle ar an gcéim réamhiarratais (tar éis dul i gcomhairle le húdaráis ábhartha eile, mar is cuí) mar gheall ar gheallsealbhóirí. Faoi thionscnóirí tionscadail a bheidh sé ainmneacha agus sonraí teagmhála a fháil amach. Beidh an Bord Pleanála (Údarás Inniúil) ag súil go n-aithneofar na príomh-gheallsealbhóirí mar chuid den phróiseas trína ndéanfar coincheap rannpháirtíocht an phobail a mhionathrú nó a cheadú.

Gheofar nasc chuig comhlachtaí atá forordaithe maidir le comhairliú faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt [anseo](#) agus [anseo](#).

Gheofar nasc chuig na húdaráis áitiúla [anseo](#).

Leathnófar sonraí na bpríomh-gheallsealbhóirí de réir mar a thugtar an Lámhleabhar chun dáta.

8. Sonraí na nDoiciméad le haghaidh Iarratas

Tá na sonraí is gá chun iarratas a dhéanamh ar fhorbairt bheartaithe a mheastar a bheidh ina fhorbairt bonneagair straitéisigh leagtha amach anseo (Link to 5.3 making an Application 7th Schedule SID Guidelines for Applicant on Board's website).


Gheofar sonraí maidir le ceanglais na Gníomhaireachta um Chosaint Comhshaoil maidir le hiarratais ar cheadúnas [anseo](#).

Gheofar sonraí maidir le ceanglais an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta i dtaca leis an bpróiseas pleanála [anseo](#).

Gheofar sonraí maidir le ceanglais na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i dtaca le ceadúnas imeall trá [anseo](#).

Níl seicliosta mionsonraithe ar fáil leis an leagan seo den Lámhleabhar. Mar sin féin, sonróidh an Bord Pleanála, mar Údarás Inniúil, scóip an ábhair agus leibhéal sonraí na faisnéise a bheidh le cur isteach chuige i dtaca le hiarratas pleanála agus (tar éis dul i ndlúthchomhar leis na húdaráis eile i dtrácht, agus, más cuí, ar bhonn togra ón tionscnóir tionscadail) an scóip agus leibhéal na sonraí a bheidh le cur ar fáil do na húdaráis eile.

An Próiseas PCI



De ghnáth beidh seicliostaí le fáil trí shuíomhanna Gréasáin ábhartha na n-údarás i dtrácht a cheadú.

9. Leasuithe ar Cheadanna

Foráiltear in alt 146B den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú, le haghaidh iarratas ar an mBord Pleanála ó dhuine atá i mbun nó a bheartaíonn dul i mbun forbairt bonneagair straitéisigh chun athrú a dhéanamh ar théarmaí na forbartha is ábhar don chead pleanála, nó do cheadúnas eile a deonaíodh faoin Acht. Ní léir cibé an bhforáiltear lena aghaidh sin i bpróiseas an PCI de bhrí nach sainítear aon mheicníocht dá sórt sa Rialachán. Tá i gceist ag an mBord Pleanála (Údarás Inniúil) soiléiriú air sin a iarraidh.

10. Sonraí Teagmhála

10.1 Údarás Inniúil: An Bord Pleanála

Is é an pointe teagmhála don Bhord Pleanála (Údarás Inniúil) Diarmuid Collins, Oifigeach Sinsearach Riaracháin, d.collins@pleanala.ie

Nuair nach mbíonn an t-oifigeach sin ar fáil, ba chóir iarratais a sheoladh chuig:

An Bord Pleanála
Tionscadail Leasa Choitinn
64 Sráid Mhaoilbhríde
Baile Átha Cliath 1

Glaigh ar 01 8588100 nó Glao Áitiúil 1890 275 175

Glaoch Idirnáisiúnta +353 (0)1 8588100

R-phost: bord@pleanala.ie

10.2 Údaráis Eile

Eagraíocht	Ainm	Seoladh R-phoist	Sonraí Teagmhála
An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha	1. Caoimhín Smith, Príomhoifig each Cúnta	Caoimhin.smith@dcenr.ie	+353 (0) 1 6782948
	2. Iseult Raftery, Oifigeach Feidhmiúch áin	Iseult.raftery@dcenr.ie	+353 (0) 1 6783137 29/31 Bóthar Adelaide, BÁC 2. +353 (0) 1 6782000
An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil		foreshore@environ.ie	Pleanáil Mhuirí – Aonad Imeall Trá An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil Bóthar an Bhaile Nua, Loch Garman, Éire +353 (0) 53 9117365
An Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil	Leo Sweeney	l.sweeney@epa.ie	Richview, Cluain Sceach, Baile Átha Cliath 14. +353 (0) 1 268 0100
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta	Pat Conneely Ceann Aonaid, COMAH, Táirgeadh & Stóráil Ceimiceán. Rannán Ceimiceán & Coiscthe	pat_conneely@hsa.ie	An Foirgneamh Cathrach, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1. +353 (0) 1 6147000
An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh		gaslicensing@cer.ie elylicensing@cer.ie electricitynetworks@cer.ie	An Malartán, Cearnóg Belgard Thuaidh, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24. +353 (0) 1 4000800

* Cuir san áireamh go bhféadfaí údaráis eile a chur san áireamh de réir mar a thugtar an Lámhleabhar chun dáta.